

Comhthéacs Beartais

Tá an comhdhearcadh domhanda chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna an chomhshaoil — a bhaineann go háirithe le hathrú aeráide agus an baol ina leith — ag méadú de réir a chéile, lena ndírítear ar neamhdheimhneacht acmhainní, neamhchinnteacht aeráide, easáitiú sóisialta agus ardchostas geilleagrach. Tá méadú ar an bhfeasacht ar iarmhairtí difreáilte ar shaincheistanna comhshaoil ar mhná agus ar fhir agus na bealaí ina bhfuil neamhchomhionannas inscne ag teacht salach ar chumas na mban freagairt don bhaol sin; rud a neartaítear trí nósanna difriúla ídithe na mban agus na bhfear a léiriú.

Maolú ar an Athrú Aeráide in AE go ginearálta

Cuireann bearta i bhfeidhm maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe agus gabháil agus stóráil charbóin, agus an ról ceannródaíoch a ghlactar i gcomhdhálacha idirnáisiúnta ar athrú aeráide.

Conclúidí Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Meitheamh 2012)

- Béim curtha ar an ngéarghá comhionannas inscne a fheabhsú i gcinnteoireacht i réimse an mhaolaithe ar an athrú aeráide, go háirithe sna hearnálacha iompair agus fuinnimh.
- Béim curtha go gcuidíonn claontachtaí agus steiréitíopaí ar bhonn inscne le córas oideachais agus margadh saothair leithscartha ag inscne a bhuanú, lena náirítear réimsí an gheilleagair ghlais, is ríthábhachtach i maolú ar athrú aeráide (e.g. earnálacha iompair agus fuinnimh).

Parlaimint na hEorpa (2007-2012)

- Iarann ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú nach nimríonn gníomh ar athrú aeráide tionchar diúltach ar chomhionannas inscne agus inscne a phríomhshruthú isteach sna beartais aeráide.
- Molann aistriú go “geilleagar glas” agus iarann taighde ar a thionchar ar mhná agus ar a ról san aistriú.

An Coimisiún Eorpach

Measann gur réimse tosaíochta is ea fuinneamh agus iompar (COM(2013)0216 deireanach).

Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an AE

- K.1.** Páirtíocht ghníomhach ag mná i gcinnteoireacht ag gach leibhéal.
- K.2.** Ábhar cúraim inscne agus dearcthaí inscne a chuimsiú i mbeartais agus i gcláir um fhorbairt inbhuanaithe.
- K.3.** Meicníochtaí ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bhunú nó a neartú tionchar ag beartais fhorbartha agus geilleagar ar na mná a mheas.

Forbraíodh na táscairí san ábhar ríthábhachtach cúraim sin le déanaí tar éis thionscnamh Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle AE. De bhrí gur tábhachtach iad na dúshláin chomhshaoil i gcás na mban, díríonn na táscairí sin ar thionchar atá ag mná i saol cinnteoireachta ar athrú aeráide, go háirithe ar mhaolú ar athrú aeráide. Ina theannta sin, déanann siad measúnacht ar chion na mban agus na bhfear i réimsí eolaíochta nádúrtha agus teicneolaíochta agus anailís ar leithscaradh inscne laistigh de roghanna oideachais. Níl táscairí a bhaineann leis na dara agus tríú cuspóirí straitéiseacha i réimse K de chuid BPfA ar fáil fós. Dá bhrí sin, tá aghaidh le tabhairt ar na cuspóirí sin fós lena niarrtar gné inscne a chuimsiú níos fearr i mbeartais agus i gcláir chomhshaoil.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíoras agus figiúirí, ama fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>


Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Dul chun cinn mall i mbaint na mban i gcinnteoireacht chomhshaoil

Ní tosaíocht dhaonlathach amháin í baint na mban i gcinnteoireacht straitéiseach maidir le hathrú aeráide, ach ríthábhachtach le tionchar ag beartais agus cláir chomhshaoil ar mhná agus ar fhir a mheas. Is fir iad an chuid is mó den lucht cinnteoireachta sa réimse sin in AE agus tá na fir i gceannas ar bharrleibhéal na naireachtaí náisiúnta, ina



CÉATADÁIN NA MBAN I BPOIST ARDLEIBHÉIL IN AIREACHTAÍ NÁISIÚNTA, 2011



Foinse: EIGE: Comhionannas Inscne agus Athrú Aeráide, 2012.

bpléitear le hathrú aeráide. Ar an iomlán, ba mhná iad 19 % d'airí sinsearacha agus 34 % de bharrriarthóirí in Aireachtaí Comhshaoil, Fuinnimh agus Iompair in AE in 2013.

Bíonn rath níos fearr ag na mná i mbarrphoist san earnáil comhshaoil i gcomparáid le hearnálacha fuinnimh agus iompair. In 2011, bhí ionadaíocht na mban níos fearr in aireachtaí comhshaoil, agus timpeall trian amháin de phoist bharrleibhéil sna haireachtaí acu (34 %).

Mar an gcéanna, tá na mná fós faoi ghannionadaíocht in institiúidí aeráide ar fud AE. In 2013, bhí timpeall an ceathrú cuid (27 %) de phoist chinnteoireachta sna hArdStiúrthóireachtaí ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh ag mná.

Is cosúil go mbíonn ionadaíocht níos fearr ag na mná i gCoistí de chuid Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le cúrsaí aeráide (2010-2014): 38 % de chomhaltáí sna Coistí ábhartha, agus tá an ionadaíocht is fearr acu sa réimse comhshaoil, 49 % de na comhaltáí ar an gCoiste um an gComhshaoil, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia.

Is cosúil go bhfuil éifeacht na "síleála gloine" leanúnach ag leibhéil náisiúnta agus AE araon, agus laghdú comhréireach ar na mná ag an leibhéal post is airde.

Méadú i líon na mban i gcinnteoireacht maidir le hathrú aeráide ag leibhéal náisiúnta

Tá an dul chun cinn is mó déanta ag na mná i bpríomhinstitiúidí AE, go sonrach laistigh de Chomhlachtaí Fochuideachta i gCreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ina raibh méadú seasta ar ionadaíocht na mban idir 2009 agus 2012.

Laistigh de na toscaireachtaí i gComhdháil na bPáirtithe de chuid na Náisiún Aontaithe, tá dul chun cinn déanta ag na mná le cúig bliana anuas, cé gur méid níos lú é: ó 36 % (2004-2008) go 39 % (2008-2012).

Tá fir i gceannas fós ar chéimeanna a bhaineann le teicneolaíocht

Tá seacht réimse ann ar gnáth leo tacú le gairmeacha sna hearnálacha comhshaoil, fuinnimh agus iompair — ar a dtugtar catagóir mar idir eolaíochtaí nádúrtha (eolaíochtaí beatha agus eolaíochtaí fisiceacha) nó teicneolaíochtaí (innealtóireacht agus ceirdeanna innealtóireachta; déantúsaíocht agus próiseáil; ailtireacht agus tógáil; seirbhísí iompair; agus cosaint an chomhshaoil). Ar fud AE, is maith an chothromaíocht inscne sna heolaíochtaí nádúrtha, cé go bhfuil na fir i gceannas ar chéimeanna a bhaineann le teicneolaíocht.


Bunaithe ar an toimhde go néilítear cáilíochtaí sna réimsí thuasluaite chun na poist i réimsí comhshaoil a rochtain, is beag nó is teoranta deiseanna na mban fostaíocht a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh sna tionscadail sin. In 2010, ní raibh ach aon chúigiú amháin (22 %) de mhná fostaíthe in AE in earnálacha soláthair leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin, san earnáil iompair agus stórála.

D'fhéadfadh nach easpa cáilíochtaí oideachais amháin an taon bhac ar rannpháirtíocht agus dul chun cinn na mban sna hearnálacha fuinnimh agus iompair. Áirítear steiréitíopaí inscne leanúnacha, an taistil forleathan is gá a dhéanamh go minic, agus timpeallachtaí oibre atá neamhfhabhrach do mhná, sna tosc eile.

Mar sin féin, is féidir glacadh leis go néascaíonn oideachas agus oiliúint i réimse teicneolaíochtaí fostaíocht sna



CÉATADÁN NA GCÉIMITHE TREASACHA BAN IN EOLAÍOCHTAÍ NÁDÚRTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ, 2008-2012



Foinse: Eurostat, Staidreamh Oideachais

tionscadail sin. Mar thoradh air sin, tá gannionadaíocht na mban i measc na gcéimithe sin mar bhac ar chuspóir i Straitéis Eoraip 2020, arb é a chuspóir dúshlán a thabhairt ar leithscaradh idir oibrithe difriúla sa mhargadh saothair. Ina theannta sin, cuireann sé baint amach na gcuspóirí

i Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas do Mhná agus Fir (2010-2015) i mbaol, lena naithnítear leithdháileadh san oideachas agus sa mhargadh saothair mar phríomhchúis le bearna phá idir na hinscní.

Tograí úsáideacha:

Cuir chuige éagsúla le gnéithe inscne a chuimsiú i gcinnteoireacht chomhshaoil curtha i bhfeidhm sna Ballstáit. Chuir clár um athrú aeráide na hOstaire rannpháirtíocht ghníomhach ban chun cinn agus chuimsigh gné inscne i mbeartas cinnteoireachta comhshaoil. San Ostair, thug cathair Vín aghaidh ar phleanáil a fhreagraíonn d'inscne le breis agus fiche bliana anuas agus cuimsítear ábhair a bhaineann le hinscne go daingean i bpleanáil uirbeach. Sa Ghearmáin, cuireann an Aireacht Chónaidhme maidir leis an gComhshaoil, Caomhnú an Dúlra, Tógáil agus Sábháilteacht Núicléach (BMUB) an prionsabal treorach cothromais inscne, laistigh dá húdarás féin agus i dtionscadail a mhaoiniú trí chomhpháirtithe.

Méadú i gcur i bhfeidhm príomhshruthú inscne tuairiscithe sa Liotuáin, áit ar thug na cláir náisiúnta um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir aghaidh ar shaincheisteanna maidir le mná agus an comhshaoil ó bhí 2003 ann. Áirítear leis sin comhoibriú idir ENRanna a chur chun cinn trí shaincheisteanna comhionannais a chuimsiú i dtionscadail chomhshaoil, agus trí chlár chomhshaoil faoi stiúir an rialtais, agus an deis le leas cothrom a bhaint as torthaí na dtionscadal sin san áireamh. Sa tSlóivéin, spreagadh comhdheiseanna agus comhrochtain ar gach uile bheart ina Chlár um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013. Ina dhiaidh sin, glacadh Plean nua um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 a chloíonn le spriocanna inbhuanaithe. Bainfear úsáid as bearta talmhaíochta agus tuaithe le caighdeán mhaireachtála a fheabhsú agus le cur le comhionannas inscne. I bPoblacht na Seice in 2010, rinne an Aireacht Comhshaoil cur chuige a fhorbairt le gné inscne a chuimsiú i dtionscadail agus i mbeartais lena raibh tionchar suntasach ar an gcomhshaoil, amhail beartais tógála, duilliúr uirbeach nó seirbhísí iompair, amhail substaintí a bhaint agus cosc ar shileadh substaintí a bhfuil dlúthbhaint acu le sláinte na mban.



DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE K: MNÁ AGUS AN COMHSHAOL

DUL CHUN CINN

- Tá feabhas tagtha ar ionadaíocht na mban i bpoist chinnteoireachta ar an gcomhshaol agus i dtoscaireachtaí ar Chomhlachtaí Fochuideachta de chuid UNFCCC.
- Tá méadú i láithreach na mban i gcéimeanna agus i ngairmeacha a bhaineann leis an gcomhshaol.
- Cuirtear béim ar idircheangal idir athrú aeráide agus inscne.
- Cuspóir na mBallstát le méadú a chur ar láithreach na mban in oideachas eolaíochta agus teicneolaíochta.

BAIC

- Bíonn tionchar difriúil ag dúshlán dhomhanda amhail athrú aeráide ar mhná agus ar fhir.
- Tá mná faoi ghannionadaíocht i gcinnteoireacht comhshaoil ag gach leibhéal (náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta).
- Tá mná faoi ghannionadaíocht i ngach uile chéim a bhaineann leis an gcomhshaol agus go háirithe i gcéimeanna, gairmeacha agus poist pholaitiúla a bhaineann le fuinneamh agus iompar.
- Is dúshlánach é príomhshruthú inscne i mbeartais chomhshaoil agus ní minic a chuirtear cuspóirí inscne i straitéisí comhshaoil.
- Ní leor é an tuiscint ar tháirgeadh fuinnimh inscneach agus patrúin ídithe.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Tuiscint níos fearr a fháil ar an gceangal idir inscne agus an comhshaol le tionchar ag beartais nó cláir chomhshaoil ar mhná agus ar fhir a ghabháil.
- Cinntí inscne a phríomhshruthú go héifeachtach ar fhreagairt do dhúshlán dhomhanda (e.g. athrú aeráide, fás glas).
- Admháil go bhfuil mná níos leochailí d'athrú aeráide agus tionchar ar mhná a bhaineann le grúpaí mionlaigh a mheas go sonrach.
- Íogaireacht ar inscne i mbeartais a áirithiú trí ionadaíocht na mban i bpoist chinnteoireachta a chothromú le riachtanais agus saothar na mban a thabhairt san áireamh.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartais agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:1 **MISSING**

MH-04-15-022-DE-N